

Ceud Epistil ghinearalta Pheadair absdail

The First General Epistle of Peter

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1

2

3

4

5

Ceud Epistil ghinearalta Pheadair absdail

The First General Epistle of Peter

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil I

Chapter 1

Nach núatheagasc, achd sean tairrghire, slainte tré Chríod. 13 Uime sin, nach fulair ar nathchuma do reir bheatha Iosa, neach do ghoir sinn.

1 Peadar, absdal Iósa Críod, chum na gcoigcríoch atá sgartha ó chéile ar feadh Phontus, Ghalátia, Chappadócia, na Hásia, agus na Bitínia,

2 Ar na dtógha do réir réimhfhios Dé Athar, chum náomhthachda na Sbioruide, tré úmhlachd agus crothadh fola Iósa Críod: Grása, agus síothcháin, go ró líonmhar maille ribh.

3 Glóir agus moladh do Dhía, eadhon Dathair ar Dtíghearna Iósa Críod, noch do aithghin sinn do réir a mhóthrócaire chum béomhuinighne tré eiséirghe Iósa Críod ó mharbhuibh.

4 Chum oighreachda neamhthruailligh, gan cháidhe, nach dtéid a seirge, choimhéudtar ar neamh fá bhur gcomhairse.

5 Chúmhuightheair ré neart Dé tré chreideamh chum slánuighe atá ullamh ré a fhoillsiughadh sa naimsir dheigheanuidh.

6 An ní ann a bhfuil sibhse ag déanamh gáirdeachais, bíodh go bhfuil sibh a nois ré sealad, má atá na riachdanus, fá thuirse a gcathuightheibh éugsamhla:

7 Ionns go bhfuightheigh dearbhadh bhur greidimh, is rouáisle na ór théid air neimhní, bíodh go ndearbhthar é lé teine, na mholadh agus na onóir agus na ghlóir an tan fhoillseóchas Iósa Críod é féin:

8 An tí dhá dtughabhair grádh, bíodh nach bhfacabhair é; ann a bhfuil sibh a nois ag creideamh, gé nach léir dhibh é, agus as a ndéuntaóí gairdeachas ré lúathgháire dhófhaisnéis ghlórmhar:

9 Ag glacadh chríche bhur greidimh, sláinte na nanmann.

10 An slánughadh ar a ndearnadar na fáidhe lórgaireachd agus cúartughadh, noch do rinne fáidheadóireachd ar an ngrás do thiucfadh chuguibhse:

11 Ag cúartughadh, créd í a nuáir nó a náimsir do fhoillseóchadh Spiorad Chríod noch do bhí ionntadh, ag déanamh réimhfiadhnuise

1 Peter, an apostle of Jesus Christ, to the strangers scattered throughout Pontus, Galatia, Cappadocia, Asia, and Bithynia,

2 Elect according to the foreknowledge of God the Father, through sanctification of the Spirit, unto obedience and sprinkling of the blood of Jesus Christ: Grace unto you, and peace, be multiplied.

3 Blessed be the God and Father of our Lord Jesus Christ, which according to his abundant mercy hath begotten us again unto a lively hope by the resurrection of Jesus Christ from the dead,

4 To an inheritance incorruptible, and undefiled, and that fadeth not away, reserved in heaven for you,

5 Who are kept by the power of God through faith unto salvation ready to be revealed in the last time.

6 Wherein ye greatly rejoice, though now for a season, if need be, ye are in heaviness through manifold temptations:

7 That the trial of your faith, being much more precious than of gold that perisheth, though it be tried with fire, might be found unto praise and honour and glory at the appearing of Jesus Christ:

8 Whom having not seen, ye love; in whom, though now ye see *him* not, yet believing, ye rejoice with joy unspeakable and full of glory:

9 Receiving the end of your faith, *even* the salvation of *your* souls.

10 Of which salvation the prophets have enquired and searched diligently, who prophesied of the grace *that should come* unto you:

11 Searching what, or what manner of time the Spirit of Christ which was in them did signify, when it testified beforehand the

air na neithibh do bhí a ndán do Chríod fhuilang, agus an ghlóir *rómhóir* do leanfadh dhíobh.

12 Dár foillsigheadh, nach dóibh féin achd dúinne do dhéunaidís miniosdrálachd na neitheann, atá a nois ar na bhfoillsiughadh dhíbhse leis an druing lér seanmóruigheadh an soisgéul díbh tré an Spiorad náomh do cuireadh ó neamh a nús; na neithe is mían ris na hainglibh fhaicsin.

13 Uime sin ar gceasrughadh leasruigh bhur ninntinne dhíbh, maille ré measarrghachd, bíodh dóchas diongmhála aguibh as an ngrás atá ar na thabhairt chuguibh a dtaisbéunadh Iósa Críod;

14 Mar chloinn na húmhlachda, gan bheith dhíbh dá bhur nathchuma féin ris na hainmianuibh do *ghnáthuigh sibh* roimhe ann bhur nainbhíos:

15 Achd do réir mar atá an tí do ghoir sibh náomhtha, bíghidhse mar an gcéudna náomhtha sa nuile choimbhearsáid;

16 Do bhrigh go bhfuil sgríobhtha, Bighidhse náomhtha; óir atáimse náomhtha.

17 Agus dá ngoiridh sibh Athair don tí do ní breitheamhnus do réir gníomha gach aóin gan féuchain do phearsuinn seach a chéile, caithidh aimsir bhur noilirthe maille ré faitcheas:

18 Ar mbeith a fheasa aguibh nach lé *neithibh* truáilighe, ré hairgead ná hór do fúasgladh síbh ó bhur gcoimbhearsaid dhíomhaóin dár leanabhair do réir luirg na sinnsear;

19 Achd ré fuil mhórluáidh Chríod, amhuil uáin gan cháidhe gan lochd:

20 Noch do hórduigheadh roimh chrúthughadh an domhain, achd do foillsigheadh sna haimsearuibh deigheanacha ar bhur sonsa,

21 Noch thrídean chreideas a Ndía, do thóg súas é ó mharbhuibh, agus tug gloir dhó; ionnus go mbeith bhur greideamh agus bhur muinighin a Ndía.

22 O rinneabhair bhur nanmanna glan a númhlachd na fírinne tré an Spiorad chum grádha bráithreamhuil gan fhallás, bíodh grád dhíghraiseach aguibh dhá chéile ó chróidhe ghlan:

23 Ar mbeith dhíbh ar bhur naithghinéamhuil, ó shíol nach truáilighe, achd neamhthruáilighe, tré bhreithir Dé, mhaireas agus chómhnuigheas go síorruidhe.

24 Oir *atá* a nuile fheoil mar an bhféur, agus a nuile ghlóir dháonna mar bhláth a nféir. Searguidh a féur, agus tuitigh a bhláth she:

sufferings of Christ, and the glory that should follow.

12 Unto whom it was revealed, that not unto themselves, but unto us they did minister the things, which are now reported unto you by them that have preached the gospel unto you with the Holy Ghost sent down from heaven; which things the angels desire to look into.

13 Wherefore gird up the loins of your mind, be sober, and hope to the end for the grace that is to be brought unto you at the revelation of Jesus Christ;

14 As obedient children, not fashioning yourselves according to the former lusts in your ignorance:

15 But as he which hath called you is holy, so be ye holy in all manner of conversation;

16 Because it is written, Be ye holy; for I am holy.

17 And if ye call on the Father, who without respect of persons judgeth according to every man's work, pass the time of your sojourning *here* in fear:

18 Forasmuch as ye know that ye were not redeemed with corruptible things, *as* silver and gold, from your vain conversation *received* by tradition from your fathers;

19 But with the precious blood of Christ, as of a lamb without blemish and without spot:

20 Who verily was foreordained before the foundation of the world, but was manifest in these last times for you,

21 Who by him do believe in God, that raised him up from the dead, and gave him glory; that your faith and hope might be in God.

22 Seeing ye have purified your souls in obeying the truth through the Spirit unto unfeigned love of the brethren, *see that ye* love one another with a pure heart fervently:

23 Being born again, not of corruptible seed, but of incorruptible, by the word of God, which liveth and abideth for ever.

24 For all flesh *is* as grass, and all the glory of man as the flower of grass. The grass withereth, and the flower thereof falleth

25 Achd fanuigh bríathar an Tíghearna go síorruidhe. Agus á sí so an bhríathar do soisgéulughadh dhíbhse.

Caibidil II

A naitreabh do thógbhail ar Iósa, an phríomh chloch uilinn.

1 Uime sin ar geur na huile aingidheachda, agus meabhla, agus fhalláis, agus thnútha, agus an uile ithiomráidh uáibh,

2 Mar naóidheanuibh núaidhbheartha, bíodh fonn aguibh a mbainne fhíorghlan na bréithre, chum bheith dhíbh ag fás ris:

3 Má bhlaiseabhair créd é millse an Tíghearna.

4 An tí chum a bhfuil sibh ar dteachd, noch is cloch béo, do dhíultadh go deibhin ó dhaóinibh, achd atá toghtha mórluáidh, ag Día,

5 Agus bíghidhse mar bhéochlochaibh, tógtha súas bhur dtigh spioradálta, bhur sagartachd náomhtha, chum íodhbarthadh spioradálta dforáil, ar a mbiáidh gean ag Día tré Iósa Críosa.

6 Uime sin atá sgríobhtha sa sgríobtuir, Féuch, cuirim a Síon príomhchloch an chuáinne, toghtha, mórluáidh: agus an tí chreideas innte ní bhfuighe sé náire.

7 Ar a nadhbharsin *atá sí* na honóir dhíbhse agá bhfuil creideamh: achd don druing atá easúmhal, don chloich úd do dhíultadar na saóir, do rinneadh cloch chin an chuáinne,

8 Agus cloch oilbhéime, agus carruic thuislidh, don *druing* bhíos casúmhal, do gheibh oilbhéim fán mbréithir: chum ar hórduigheadh fós íad.

9 Achd is cinéul toghtha sibhse, sagartachd ríogha, cineadh náomhtha, pubal ar leith; ionnus go bhfoillséochadh sibh subháilcidhe an tí do ghoir sibh as dorchadus chum a sholais iongantúigh féin.

10 Noch a nallód nach *raibh* bhur bpobal, achd a nois as pobal do Dhía sibh: a dhream nach bhfuáir trócaire, atá sibh a nois ar bhfagháil trócaire.

11 A chairead grádhach, íarruim dathchuinge oruibh mar dhéoruidhibh agus oilirthibh, sibh féin do sheachna ar ainmhíanuibh na colla, noch bhíos ag cáthughadh a naghuidh a nanma.

12 Bíodh deaghchoinbhearsáid aguibh a measg na Gcineadhach: ionnas a náit a

away:

25 But the word of the Lord endureth for ever. And this is the word which by the gospel is preached unto you.

Chapter 2

1 Wherefore laying aside all malice, and all guile, and hypocrisies, and envies, and all evil speakings,

2 As newborn babes, desire the sincere milk of the word, that ye may grow thereby:

3 If so be ye have tasted that the Lord is gracious.

4 To whom coming, *as unto* a living stone, disallowed indeed of men, but chosen of God, *and* precious,

5 Ye also, as lively stones, are built up a spiritual house, an holy priesthood, to offer up spiritual sacrifices, acceptable to God by Jesus Christ.

6 Wherefore also it is contained in the scripture, Behold, I lay in Sion a chief corner stone, elect, precious: and he that believeth on him shall not be confounded.

7 Unto you therefore which believe *he is* precious: but unto them which be disobedient, the stone which the builders disallowed, the same is made the head of the corner,

8 And a stone of stumbling, and a rock of offence, *even to them* which stumble at the word, being disobedient: whereunto also they were appointed.

9 But ye *are* a chosen generation, a royal priesthood, an holy nation, a peculiar people; that ye should shew forth the praises of him who hath called you out of darkness into his marvellous light:

10 Which in time past *were* not a people, but *are* now the people of God: which had not obtained mercy, but now have obtained mercy.

11 Dearly beloved, I beseech *you* as strangers and pilgrims, abstain from fleshly lusts, which war against the soul;

12 Having your conversation honest among the Gentiles: that, whereas they speak against

nithiomráidh do níd oruibh mar luchd mighníomh, go madh héidir ríu as ma déaghoibribh, do chífid síad, glóir do thabhairt do Dhía sa lá na bhfeuchfuidh orrtha.

13 Uime sin bíghidh úmhal dá gach uile ordaighthe dhaóna, ar son an Tíghearna: ní hé amháin don rí, mar an tí agá bhfuil áirdcheannas;

14 Achd do na húachdaránuibh mar an gcéudna, mar an luchd curtha úadh chum díoghaltuis ar luchd na míghníomh, agus chum molta luchd na ndeighníomh.

15 Oír is mar sin ag déunamh maitheasa dhíbh, as toil lé DÍA sríán do chur ré hainbhíos na ndaóineadh éigcéillidhe:

16 Mar *dhaóine* sáora, agus ní mar an druing agá bhfuil an tsaóirse na brat foluidhthe a nuilc, achd mar shearbhfhoghantuighidh Dé.

17 Tuguidh onóir do na huile *dhaóinibh*. Grádhuiġhe na dearbhráithre. Bíodh eagla Dé oruibh. Tuguidh onóir don rí.

18 A shearbhfhoghantuighidh, bíghidh úmhal dá *bhur* máighisdríbh maille ris a nuile fhaitcheas; ní hé amháin do na *máighisdríbh* maithe déaghchróidheacha, achd fós do na droch *mháighisdríbh*.

19 Oír is ní so is fíu buidheachas, dá niomchruidh neach doilgheas ar son coinnsiáis chum Dé, ag fulang na héugcóra.

20 Oír créd é mar ádhbhar molta, dá niomchra sibh go fóighideach, gabháil do dhórnuibh oruibh ar ndéunamh peacuigh dhíbh? achd, dá bhfuilnge sibh go foighideach, agus sib hag déunamh maitheasa, as ní sin dá bhfuil DÍA buidheach.

21 Oír is chuige so fós do goireadh sibh: oír do fhúluing Críósd mar an gcéudna air ar soinne, ag fábháil sómpla aguinn, ionnus go leanfadh sibh a lorg:

22 An tin ach dearnuidh peacadh, agus ag nach fríth meabhail na bhéul:

23 An tí, nach dearnuidh anchaint, a naghuidh na hanchainte do rinneadh air; nach dearnuidh bagair, ag fulang dho; achd tug *é féin* a láimh an tí do ní breitheamhnus go ceart:

24 An tí diomchair ar bpeacuighne ann a chorp féin air an gcrann, ionnus air mbeith dhúinne marbh do na peacuighibh, go mairfemis do nfréuntachd: an tí agár leigheasadh sibhse ré na chréuchduibh.

25 Oír do bhábhair mar cháorchuibh seachráin; achd a nois do filleadh sibh go Háodhaire agus go Heasbóg *bhur* nanmann.

you as evildoers, they may by *your* good works, which they shall behold, glorify God in the day of visitation.

13 Submit yourselves to every ordinance of man for the Lord's sake: whether it be to the king, as supreme;

14 Or unto governors, as unto them that are sent by him for the punishment of evildoers, and for the praise of them that do well.

15 For so is the will of God, that with well doing ye may put to silence the ignorance of foolish men:

16 As free, and not using *your* liberty for a cloke of maliciousness, but as the servants of God.

17 Honour all *men*. Love the brotherhood. Fear God. Honour the king.

18 Servants, *be* subject to *your* masters with all fear; not only to the good and gentle, but also to the froward.

19 For this *is* thankworthy, if a man for conscience toward God endure grief, suffering wrongfully.

20 For what glory *is it*, if, when ye be buffeted for your faults, ye shall take it patiently? but if, when ye do well, and suffer *for it*, ye take it patiently, this *is* acceptable with God.

21 For even hereunto were ye called: because Christ also suffered for us, leaving us an example, that ye should follow his steps:

22 Who did no sin, neither was guile found in his mouth:

23 Who, when he was reviled, reviled not again; when he suffered, he threatened not; but committed *himself* to him that judgeth righteously:

24 Who his own self bare our sins in his own body on the tree, that we, being dead to sins, should live unto righteousness: by whose stripes ye were healed.

25 For ye were as sheep going astray; but are now returned unto the Shepherd and Bishop of your souls.

Caibidil III

Umhlachd na mban da bhfearaibh. 7 Agus iomchar íulmhar na bhfear da mnáibh.

1 Biodh na mná, mar an gcéudna, úmharl dá bhfearuibh fein; ionnas, go bhféudfuidhe an dream nach dtabhair úmhlachd don bhréithir, do tharruing a bhféugmhuis na bréithre tré choinbhearsáid na mban;

2 An tan chífid siad bhur gcoinbhearsáid gheanmnuidh maille re faitcheas.

3 Nar go foiriomlach bhías a maise a ngruáig chasda, ná a geur óir na dtimchioll, ná a geur chulúigheach orrtha;

4 Achd *go madh hé a maise* duine foluigheach an chróidhe, a neamhthruáilleadh, spioruide ceannsa ciúin, noch is morluáich a bhfíadhnuise Dé.

5 Oír is mar so níodh a nallód na mná náomhtha, do chuireadh a munighin a Ndia, íad féin do dheagmhaisiughadh, ar mbeith dhóibh úmhal dá bhfearuibh:

6 Amhuil tug Sára úmhlachd Dábhraham, ag gairm Tíghearna dhe: dárab ingheana sibhse, an feadh do ní sibh maith, agus nach ccriothnuighthear sibh ré faitchios ar bith.

7 A fhíora, mar an gcéudna, dénuidh cómhnuighe a bhfochair *bhur mban* mar is cubhaidh do dhaóinibh íulmhara, ag tabhairt onóra don mhnaói, amhuil don tsoitheach as laige, amhail fós atá sibh bhar gcómhóighribh ghrás na beatha; deagla thoirmisg do chur ar bhur nurnuighibh.

8 Fá dheóigh, *bíghidh* uile déininntinn, ag comhfhulang ré chéile, bíodh grádh bráthargha eadruibh, *bíghidh* trócaireach, sóchaidridh:

9 Ná dénuigh olc a naghuidh uile, ná anchaint a naghuidh anchainte: achd go contrárga dhó sin, tuguidh bhur mbeannachd; ar mbeith a fheasa aguibh gur chuige so do goireadh sibh, ionnas go bhfuigheadh sibh féin beannachd mar oighreachd.

10 Oír gidh bé agá bhfuil dúil ann a bheatha, agus ré ar mían laéthe maithe dfaicsin, congmadh sé a theanguidh na tochd ó olc, agus a bhéul ó mheabháil a labhairt:

11 Seachnadh an tolc, agus déunadh an mhaith; iárradh an tsíothcháin, agus leanadh dhi.

12 Oír *atáid* súile an Tíghearna ar na fireunuibh, agus a chluasa *osguilte* dha nurnuighe: achd *atá* gnúis an Tíghearna a naghuidh na druinge do ní na huile.

Chapter 3

1 Likewise, ye wives, *be* in subjection to your own husbands; that, if any obey not the word, they also may without the word be won by the conversation of the wives;

2 While they behold your chaste conversation *coupled* with fear.

3 Whose adorning let it not be that outward *adorning* of plaiting the hair, and of wearing of gold, or of putting on of apparel;

4 But *let it be* the hidden man of the heart, in that which is not corruptible, *even the ornament* of a meek and quiet spirit, which is in the sight of God of great price.

5 For after this manner in the old time the holy women also, who trusted in God, adorned themselves, being in subjection unto their own husbands:

6 Even as Sara obeyed Abraham, calling him lord: whose daughters ye are, as long as ye do well, and are not afraid with any amazement.

7 Likewise, ye husbands, dwell with *them* according to knowledge, giving honour unto the wife, as unto the weaker vessel, and as being heirs together of the grace of life; that your prayers be not hindered.

8 Finally, *be ye* all of one mind, having compassion one of another, love as brethren, *be* pitiful, *be* courteous:

9 Not rendering evil for evil, or railing for railing: but contrariwise blessing; knowing that ye are thereunto called, that ye should inherit a blessing.

10 For he that will love life, and see good days, let him refrain his tongue from evil, and his lips that they speak no guile:

11 Let him eschew evil, and do good; let him seek peace, and ensue it.

12 For the eyes of the Lord *are* over the righteous, and his ears *are open* unto their prayers: but the face of the Lord *is* against them that do evil.

13 Agus cía dhéunas olc oruibh, má leanann sibh don mhaith?

14 Gidheadh fós má fhuilngthidh ar son na firéuntachda, *atá sibh* beannuighe: agus ná bíodh eagla *mar* a neaglasan oruibh, agus ná bíghidh buáidhearta;

15 Achd náomhuígh an Tíghearna Día ann bhur gcróidhthibh: Agus *bíghidh* ullamh do ghnáth lé freagra *thabhairt* uáibh do gach aóinneach shireas oruibh réusun na muinighne atá aguibh maille ré ceannsachd agus ré faitcheas:

16 Ar mbeith do choinnsías maith aguibh: ionnas, an tan labhruidh go holc oruibh, mar luchd míghníomh, go mbíadh náire orrtha ag fagháil lochda ar bhur ndeaghchoinbhearsáid a Gcríosd.

17 Oír is fear *dhíbh*, mas amhluidh as toil lé Día é, fulang ag déunamh maitheasa, ná ag déunamh uile.

18 Oír do fhuilng Críosd fós éunuáir amháin ar son na bpeacadh, an firéun ar son na neimhfhiréun, ionnus go dtiubhradh sinne chum Dé, do bhásuigheadh é a dtáobh na colla, achd do béodhaigheadh é ris an Spioruid:

19 Tré a ndeachuigh sé fós do sheanmóir do na spioraduibh a bpríosún;

20 Noch do bhí easúmal a nallód, an tan do fhan foighid fhada Dé a láethibh Náoi, an feadh do bhí a náire dhá hullmhúghadh, ionnar cáomhnadh beagán, eadhon, ochd bpearsanna tré uisge.

21 A ní fós ré dtig an baisdeadh ré sáothar sinne a nois ag freagra na heisiomplara sin (ní hé cur uáinn shalchair na colla, achd fiarfuidhe dheaghchoinsiáis a dtáobh Dé,) tré eiséirghe Iósa Críosa.

22 Noch atá ar deis Dé, tar éis dul ar neamh; dá bhfuilid na haingil agus na cúmhachda agus na subháilcidhe fá úmhlachd dhó

13 And who is he that will harm you, if ye be followers of that which is good?

14 But and if ye suffer for righteousness' sake, happy *are ye*: and be not afraid of their terror, neither be troubled;

15 But sanctify the Lord God in your hearts: and *be* ready always to *give* an answer to every man that asketh you a reason of the hope that is in you with meekness and fear:

16 Having a good conscience; that, whereas they speak evil of you, as of evildoers, they may be ashamed that falsely accuse your good conversation in Christ.

17 For *it is* better, if the will of God be so, that ye suffer for well doing, than for evil doing.

18 For Christ also hath once suffered for sins, the just for the unjust, that he might bring us to God, being put to death in the flesh, but quickened by the Spirit:

19 By which also he went and preached unto the spirits in prison;

20 Which sometime were disobedient, when once the longsuffering of God waited in the days of Noah, while the ark was a preparing, wherein few, that is, eight souls were saved by water.

21 The like figure whereunto *even* baptism doth also now save us (not the putting away of the filth of the flesh, but the answer of a good conscience toward God,) by the resurrection of Jesus Christ:

22 Who is gone into heaven, and is on the right hand of God; angels and authorities and powers being made subject unto him.

Caibidil IV

Gur brosdughadh do deagh gníomh, fulang Chríosd air ar son, 7 agus críoch an domhain bheith ag drud rinn.

1 Uime sin ó dfulaing Críosd air ar soinne sa gcoluinn, cuiridhse an smuáineadh céudna na arm iomuibh: eadhon an tí dfulaing sa gcoluinn gur sguir sé ó pheacadh;

2 Ionnus nách ccaithfeadh sé feasda fuigheall na haimsire *atá aige* sa gcoluinn réir aimhían na ndaóineadh, achd réir thola Dé.

3 Oír is lór dhúinn an mhéid do chuáidh

Chapter 4

1 Forasmuch then as Christ hath suffered for us in the flesh, arm yourselves likewise with the same mind: for he that hath suffered in the flesh hath ceased from sin;

2 That he no longer should live the rest of *his* time in the flesh to the lusts of men, but to the will of God.

3 For the time past of *our* life may suffice us

thoruinn dár mbeatha do chaitheamh réir thola na Gcineadhach, ar mbeith dhúinn ag siúbhal a macnas, a nainmhíanuibh, a meisge, a gcráos, a bpótaireachd agus a níodhaladhradh aindlightheach:

4 An ní ann a bhfaighuid iongnadh gan sibhse ríoth ríu sa neimhmheasarrghachd chéudna, ag labhairt go masluigheach oruibh:

5 An dream bhéuras conntas uátha don tí atá ullamh chum breitheamhnais do dhéanamh air bhéodhuibh agus air mharbhuihbh.

6 Óir as chuige so do seanmóruigheadh an soisgéul do na marbhuihbh mar an gcéudna, chum breitheamhnais do dhéanamh orrtha réir dhaóineadh sa gcoluinn, agus chum mairthana dhóibh réir Dé sa spioruid.

7 Agus atá críoch na nuile neitheann ag druid rinn: uime sin bíghidh measarrgha, agus déunuigh faire a nurnuighibh.

8 Agus roimh na huile neithibh bíodh grádh ro dhioghraiseach aguibh dhá chéile: óir cuirfidh an grádh folach ar iomad peacadh.

9 Tuguidh aóidheachd dá chéile gan monmhar.

10 Ag déanamh miniosdralach dá chéile, gach áon réir tiodhlaice fuáir sé, mar fheadhmanntacha maithe ghrás eugsamhui; Dé.

11 Má labhrann éanneach, *lábhradh* mar bhríáthra Dé; má ní éainneach miniosdralachd, *déunadh í* réir na hacfuinne bheir DÍA úadh: ionnus go bhfuighe DÍA glóir sna huile neithibh tré Iósa Críosa; agá bhfuil glóir agus cumhachda go sáoghal na sáoghal. Amén.

12 A chaired, ná bíodh iongnadh aguibh sa dteasdughadh tinnighe do nithear oruibh chum bhur ndearbhtha, amhnil do theigéumhadh ní éigin coimhthigheach dhibh:

13 Achd go madh haóibhinn libh, sibh féin fo bheith pártach ré buáidhearthuibh Chríosa; ionnus, go mbiáidh gáirdeachas agus meanma mhór oruibh mar an gcéudna, an tan fhoillséochar a ghlóirsion.

14 Má mhasluighthear sibh ar son anma Chríosa, *atáthaóí* beannaighe; óir do ní Sbiorad na glóire agus Dé comhnuighe oruibh: *noch* do gheibh masla dhá dtáobhsan, agus glóir dá bhur dtáobhsa.

15 Achd cheana ná fuilngheadh éunduíne aguibh mar fhear dúnmharbhtha, nó *mar* bhítheamhnach, nó *mar* fear mí ghníomh, nó mar neach shaitheas é féin a neithibh nach beanann ris.

to have wrought the will of the Gentiles, when we walked in lasciviousness, lusts, excess of wine, revellings, banquetings, and abominable idolatries:

4 Wherein they think it strange that ye run not with *them* to the same excess of riot, speaking evil of *you*:

5 Who shall give account to him that is ready to judge the quick and the dead.

6 For for this cause was the gospel preached also to them that are dead, that they might be judged according to men in the flesh, but live according to God in the spirit.

7 But the end of all things is at hand: be ye therefore sober, and watch unto prayer.

8 And above all things have fervent charity among yourselves: for charity shall cover the multitude of sins.

9 Use hospitality one to another without grudging.

10 As every man hath received the gift, *even* so minister the same one to another, as good stewards of the manifold grace of God.

11 If any man speak, *let him speak* as the oracles of God; if any man minister, *let him do it* as of the ability which God giveth: that God in all things may be glorified through Jesus Christ, to whom be praise and dominion for ever and ever. Amen.

12 Beloved, think it not strange concerning the fiery trial which is to try you, as though some strange thing happened unto you:

13 But rejoice, inasmuch as ye are partakers of Christ's sufferings; that, when his glory shall be revealed, ye may be glad also with exceeding joy.

14 If ye be reproached for the name of Christ, happy *are ye*; for the spirit of glory and of God resteth upon you: on their part he is evil spoken of, but on your part he is glorified.

15 But let none of you suffer as a murderer, or as a thief, or as an evildoer, or as a busybody in other men's matters.

16 Achd má *fhuilngeann* sé mar chríosduighe, ná gabhadh náire é; achd tugadh glóir do Dhíá dhá tháobh.

17 Oír *tháinic* aimsir an bhreitheamhnais do tosughadh ó thigh Dé: agus más uáinne *thosuighthear* é, créd bhus críoch don druing atá easúmhal do shoisgéul Dé?

18 Agus más air éigin sháorthar an firéun, ca háit a dtaisbéunfa an duine neimhdhíagha agus an peacach é féin?

19 Uime sin an dream fhuilngeas réir thola Dé táobhaidís a nanmanna *ris* mar Chrúthaightheóir díleas, a ndéunamh na maitheasa.

Caibidil V

An minisdir do ríghladh an phobail le neart bhreithre Dé, agus ní re foirrneirt láimhe mar thíghearnodhaibh sáoghalta.

1 Iarruim dathchuinge ar na seanóiribh bhur measg, ar mbeith dhamh féin fós um sheanóir, agus um fhíadhnuise ar na neithibh do fhulaing Críosa, agus um phártuighe a dtáobh na glóire atá ré haghuidh a fhoillsighe.

2 Beathuighidh tréud Dé do fágadh táobh ribh, ar mbeith dhá chúram oruibh, ní tré éigean, achd go toilteanach; ní ar son éudála neamhghloine, achd maille ré hinntinn ullaimh;

3 Ní mar do bhíadh sibh bhur Dtíghearnaidhibh ós cionn eagluise Dé achd mar dhruing atá na neisiompláire don tréud.

4 Agus an tan fhoillséochar an Tárdáodhaire, do gheubha sibh coróin mharthannach ghlóire.

5 Mar an gcéudna, a dhaóine óga, tuguidh úmhladh do na sinnsearuibh. Agus bíghidh uile úmhal dá chéile, dénuidh sibh féin deagmhaiseach don táobh a stigh ó úmhlachd inntinne: oír cuiridh Día a naghuidh na nuáibhreach agus do bheir grása do númhal.

6 Uime sin úmhluidh sibh féin faói laimh chúmhachduigh Dé, chum bhur nárdúighe dhó a nam iomchubhaidh:

7 Téilgidh bhur nuile chúram airsion; oír is cúramach é bhur dtimchioll.

8 Bíghidh measarrgha, dénuidh faire; oír atá bhur namhuid an díabhal, mar leomhan bhéicfeach, ag gabháil fá gcuáirt dá fhéuchain cíá shluighfeadh sé:

9 Cuiridhse na aguidh *ar mbeith dhíbh* láidir a greideamh, ar mbeith a fheasa aguibh go gcoimhlíontar na buáidheartha céudna sa

16 Yet if *any man suffer* as a Christian, let him not be ashamed; but let him glorify God on this behalf.

17 For the time *is come* that judgment must begin at the house of God: and if *it first begin* at us, what shall the end *be* of them that obey not the gospel of God?

18 And if the righteous scarcely be saved, where shall the ungodly and the sinner appear?

19 Wherefore let them that suffer according to the will of God commit the keeping of their souls *to him* in well doing, as unto a faithful Creator.

Chapter 5

1 The elders which are among you I exhort, who am also an elder, and a witness of the sufferings of Christ, and also a partaker of the glory that shall be revealed:

2 Feed the flock of God which is among you, taking the oversight *thereof*, not by constraint, but willingly; not for filthy lucre, but of a ready mind;

3 Neither as being lords over *God's* heritage, but being ensamples to the flock.

4 And when the chief Shepherd shall appear, ye shall receive a crown of glory that fadeth not away.

5 Likewise, ye younger, submit yourselves unto the elder. Yea, all *of you* be subject one to another, and be clothed with humility: for God resisteth the proud, and giveth grace to the humble.

6 Humble yourselves therefore under the mighty hand of God, that he may exalt you in due time:

7 Casting all your care upon him; for he careth for you.

8 Be sober, be vigilant; because your adversary the devil, as a roaring lion, walketh about, seeking whom he may devour:

9 Whom resist steadfast in the faith, knowing that the same afflictions are accomplished in your brethren that are in the world.

gcuid eile dá bhur ndearbhraithribh atá sa tsáoghal.

10 Agus Día na nuile ghrás, noch do ghoir sinn chum a ghlóire síorruidhe a Níosa Críosa, tár éis beagáin buáidheartha dfulang dhíbh, go ndéuna sé féin sibh íomlán, go neartuighe, go láidrighe, agus go ndaingnighe sé *sibh*.

11 Glóir agus cúmhachd dhósan go sáoghal na sáoghal. Amén.

12 Ré Silbhánus, dearbhráthair díleas, do réir bharamhla, do sgríobh mé go haithghearr chuguibh, ag teagusg, agus ag déunamh fiadhnuise gur ab é so fíorghrás Dé ann a bhfuil sibh hag seasamh.

13 Cuiridh a *neaglais atá* sa Mbaibilóin do toghadh má ráon ribh, agus mo mhac Marcus; beatha agus sláinte chuguibh.

14 Teannuidh sibh féin ré chéile maille ré póig charthannachda. Síóthcháin maille ribh uile an mhéid aguibh atá a Níosa Críosa. Amén.

10 But the God of all grace, who hath called us unto his eternal glory by Christ Jesus, after that ye have suffered a while, make you perfect, stablish, strengthen, settle *you*.

11 To him *be* glory and dominion for ever and ever. Amen.

12 By Silvanus, a faithful brother unto you, as I suppose, I have written briefly, exhorting, and testifying that this is the true grace of God wherein ye stand.

13 The *church that is* at Babylon, elected together with *you*, saluteth you; and *so doth* Marcus my son.

14 Greet ye one another with a kiss of charity. Peace *be* with you all that are in Christ Jesus. Amen.